An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

LEABHRÁN EOLAIS d'IARRTHÓIRÍ

Iomaíocht Oscailte d'Oifigeach Feidhmiúcháin

Dáta Deiridh: **10 am Dé Céadaoin 13 Méan Fómhair 2023**

Eolas an t-Iarrthóir

Oifigeach Feidhmiúcháin – Iomaíocht Oscailte

Is fostóir comhdheiseanna í an Chomhairle Múinteoireachta agus is ar bhonn fiúntais a mheasfar gach iarratas ar fhostaíocht. Fáiltíonn an Chomhairle Múinteoireachta roimh iarratais ó iarrthóirí atá cáilithe go hoiriúnach, gan beann ar chreideamh, inscne, míchumas, cine, tuairim pholaitiúil, aois, stádas pósta, treoshuíomh gnéasach, nó cibé an bhfuil cleithiúnaithe acu nó nach bhfuil.

Tá an Chomhairle Múinteoireachta tiomanta lena n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus cuireann sí fáilte roimh iarrthóirí atá cumasach sa Ghaeilge, nó a bhfuil spéis acu bheith cumasach sa Ghaeilge.

- Ríomhphost: recruitment@teachingcouncil.ie
- Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara, W23 Y7X0
- Le haghaidh tuilleadh eolais maidir leis an gComhairle Múinteoireachta, tabhair cuairt le do thoil ar www.teachingcouncil.ie/ga/

Cúlra

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an comhlacht caighdeán ghairmiúla don mhúinteoireacht in Éirinn. Is í an phríomhaidhm atá aici gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a rialáil. Faoi láthair, tá os cionn 116,000 múinteoir bunscoile, iar-bhunscoile agus breisoideachais cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

Tá an Chomhairle Múinteoireachta ag iarraidh folúntais ionchasacha ar leibhéal Oifigigh Feidhmiúcháin a líonadh trí Phainéal

Teideal an Phoist

Oifigeach Feidhmiúcháin

Láthair

An Chomhairle Mhúinteoireachta, Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. (Tá socruithe oibre cumaisc ar fáil i gcomhréir le Prótacail na Comhairle Múinteoireachta um Oibriú Cumaisc).

Cineál Poist

Lánaimseartha agus Buan

Cur Síos ar an bPost

Bíonn ról ríthábhachtach ag Oifigigh Feidhmiúcháin (OF) chun maoirseacht a dhéanamh ar raon seirbhísí agus chun iad a chur i gcrích thar ceann na Comhairle. Bíonn oifigigh feidhmiúcháin i gceannas fo-rannóga laistigh den phríomhstruchtúr eagraíochtúil den Chlárúchán; Oideachas Tosaigh Múinteoirí & Ionduchtúchán; Foghlaim & Taighde do Mhúinteoirí; Caighdeáin Ghairmiúla (Feidhmiúlacht chun Múineadh); Seirbhísí Corparáideacha; Cumarsáid; Acmhainní Daonna agus Airgeadais.

Is iad seo a leanas na príomhdhualgais agus freagrachtaí

Beidh na hOifigigh Feidhmiúcháin cheaptha freagrach do bhainisteoir líne, go hiondúil d'Ardoifigeach Feidhmiúcháin nó do Cheannasaí rannóige ina bhfuil siad curtha. Dá réir sin, d'fhéadfadh Oifigigh Feidhmiúcháin gníomhú mar bhainisteoir líne d'Oifigigh Chléireachais ina rannóg. Sa mhéid seo a leanas, tugtar breac-chuntas ar an gcineál oibre a mbeadh ar na hoifigigh tabhairt fúithi:

- Sreafaí oibre a bhainistiú, tús áite a thabhairt d'ualaí oibre agus an áit a bhfuil brú sna réimsí atá tugtha dóibh a bhainistiú.
- Teagmháil a dhéanamh le baill foirne eile agus le soláthraithe seirbhísí atá curtha amach ar conradh;
- Maoirseacht a dhéanamh ar bhaill foirne atá curtha isteach sa fo-rannóg.
- Na nósanna imeachta ábhartha a chur i bhfeidhm i gcomhréir le polasaí na Comhairle.
- Tabhairt faoi na próisis um dhearbhú cáilíochta agus rialú cáilíochta feidhmeanna agus cinntí ar leith san áireamh.
- Deiseanna a aithint agus a chur in iúl chun próisis a fheabhsú.
- Athbhreithniú cuimsitheach agus measúnú a dhéanamh ar dhoiciméadú agus faisnéis bheacht a ullmhú chun cabhrú le próiseas cinnteoireachta na Comhairle.
- Cás-chomhaid ar leith a ullmhú agus a chur i láthair choistí agus fhochoistí na Comhairle le cinntí a dhéanamh.
- Ag gníomhú mar rúnaí do na fochoistí den Chomhairle atá tugtha dóibh; Teagmháil a dhéanamh le hiarratasóirí, le múinteoirí, agus le gearánaigh (Caighdeáin Ghairmiúla) agus le múinteoirí.

- Eolas iomlán a bheith acu faoi reachtaíocht rialaithe na Comhairle Múinteoireachta, treoracha ón AE agus beartas an rialtais a bhaineann lena réimse freagrachta.
- A leithéid de dhualgais eile a bheadh oiriúnach don phost a chur i gcrích de réir mar a thugtar iad.

Is é atá i gceist leis an gcur síos seo ar an bpost mar riail ghinearálta ná raon na ndualgas, agus ní cur síos críochnúil ná teorantach é. Coimeádann an Chomhairle Mhúinteoireachta an ceart aici féin baill foirne a cheapadh laistigh den Chomhairle Mhúinteoireachta de réir mar is cuí agus de réir mar is gá.

Riachtanais Taithí & Eolais:

Caithfidh na nithe seo a bheith ag an iarrthóir rathúil:

- Dhá bhliain ar a laghad de thaithí riaracháin ábhartha
- Scileanna idirphearsanta agus cumarsáide den scoth (scríofa agus béil) agus an cumas ábhar a chur i láthair ar bhealach soiléir, gonta, cuimsitheach agus diongbháilte.
- Tuiscint mhaith ar rialáil ghairmiúil agus ar obair na Comhairle Múinteoireachta
- Scileanna cruthaithe eagrúcháin agus an cumas tascanna a chur in ord tosaíochta agus obair a bhainistiú go héifeachtach de réir spriocdhátaí dochta.
- Breithiúnas grinn, gairmiúlacht, rúndacht agus discréid.
- Toilteanas tabhairt faoi phríomhthionscadail eile a d'fhéadfaí a shannadh ó am go chéile.
- Inoiriúnaitheacht agus solúbthacht ina gcur chuige i leith na hoibre.
- Tá eolas agus tuiscint chríochnúil ar shraith Microsoft Office riachtanach agus is buntáiste é taithí ar bhunachair shonraí nó ar chórais taifead inmheánach a úsáid.
- An cumas caidrimh chuiditheacha a fhorbairt agus a chothabháil.
- An cumas oibriú go neamhspleách agus cur le timpeallacht ghnóthach foirne ar bhealach dearfach chun seirbhís atá dírithe ar an gcustaiméir a sholáthar.
- Scileanna bainistiú daoine den scoth.
- Mionchruinneas láidir, scileanna anailíse agus breithiúnas grin.
- Taifead feidhmíochta chun obair chruinn ardcháilíochta a tháirgeadh i líon ard.
- Na hinniúlachtaí a léiriú mar a leagtar amach sna Critéir Mheasúnaithe Iarrthóirí.

Riachtanais Inmhianaithe Breise:

- Buntáiste a bheadh ann ná an cumas gnó a dhéanamh trí Ghaeilge.
- Buntáiste a bheadh ann go mbeadh Taithí Roimhe seo agat i dTimpeallacht Rialála.
- Buntáiste a bheadh ann ná cáilíocht Thríú leibhéal i ngnó/riarachán poiblí, i mbainistíocht tionscadail, i mbainistíocht próisis, nó a choibhéis.
- Cuirtear fáilte roimh inniúlacht sa Ghaeilge.

Critéir Mheasúnaithe ar Iarrthóirí

Déanfar measúnú ar iarrthóirí bunaithe ar an gcur síos ar an bpost atá leagtha amach thuas, ar fhianaise go sásaíonn siad na riachtanais bhunriachtanacha atá leagtha amach thuas agus ar an gcreat inniúlachtaí don ghrád baill foirne mar Oifigeach Feidhmiúcháin a léirítear thíos.

Oifigeach Feidhmiúcháin – An Chomhairle Mhúinteoireachta

Bainistíocht Daoine

- Duine a théann i gcomhairle agus a spreagann lán-rannpháirtíocht na foirne, agus a spreagann plé oscailte fiúntach ar shaincheisteanna a bhaineann leis an obair
- Duine a mheallann a ndícheall as daoine aonair agus as an bhfoireann, a spreagann an dea-fheidhmíocht agus a thugann aghaidh ar aon saincheisteanna feidhmíochta a d'fhéadfadh teacht chun cinn
- Duine a thugann meas agus tacaíocht d'fhorbairt daoine eile agus d'fhorbairt na foirne
- Duine a thugann spreagadh agus tacaíocht do bhealaí nua oibre agus do bhealaí atá níos éifeachtaí
- Duine a dhéileálann le teannas laistigh den fhoireann ar bhealach fiúntach a chothaíonn aiseolas ón bhfoireann, a éisteann leis agus a ghníomhaíonn dá bhun chun cúrsaí a fheabhsú
- Duine a chomhroinneann go gníomhach faisnéis, eolas agus saineolas chun cuidiú leis an bhfoireann a cuid cuspóirí a bhaint amach

Anailís & Cinnteoireacht

- Duine a dhéileálann go héifeachtach le raon leathan foinsí faisnéise, a dhéanann imscrúdú ar na saincheisteanna ábhartha uile
- Duine a thuigeann impleachtaí praiticiúla na faisnéise i ndáil leis an gcomhthéacs níos leithne ina bhfuil sé/sí ag obair – nósanna imeachta, cuspóirí na rannóige etc.
- Duine a shainaithníonn agus a thuigeann eochair-shaincheisteanna agus treochtaí
- Duine a asbhaineann agus a bhaineann ciall as faisnéis uimhriúil, a dhéanann ríomhanna uimhriúla beachta
- Duine a thagann ar thuairimí beachta agus a dhéanann moltaí stuama cothroma agus fianaise mar thaca leo

Torthaí a Chur ar Fáil

- Duine a ghlacann úinéireacht de thascanna agus atá meáite go gcuirtear iad i gcrích go sásúil
- Duine atá loighciúil agus pragmatach maidir le cur chuige, a leagann amach cuspóirí agus a chuireann na torthaí is fearr agus is féidir leis na hacmhainní atá ar fáil
- Duine a dhéanann ceistiú fiúntach ar chuir chuige reatha chun an tseirbhís custaiméara a sheachadadh níos éifeachtaí
- Duine atá in ann meastachán cruinn a dhéanamh ar na paraiméadair ama do thionscadal, agus plean teagmhais aige/aici chun constaicí a shárú
- Duine a íoslaghdaíonn na botúin, a dhéanann athbhreithniú ar an bhfoghlaim agus a chinntíonn go bhfuil réitigh in áit
- Duine a uasmhéadaíonn ionchur a f(h)oirne féin lena chinntiú go gcuirtear na torthaí ar fáil go héifeachtach
- Duine a chinntíonn go bhfuil nósanna imeachta /prótacail chearta in áit don seachadadh seirbhíse agus go gcuirtear i bhfeidhm iad

Scileanna Idirphearsanta & Cumarsáide
• Duine a dhéanann an cur chuige cumarsáide a mhionathrú chun freastal ar riachtanais cúrsaí /lucht spéise • Duine a éisteann go gníomhach le tuairimí daoine eile • Duine a dhéanann idirchaidreamh le grúpaí eile chun comhoibriú a bhaint amach • Duine a dhéanann idirbheartaíocht, nuair is gá, ar mhaithe le toradh fónta a bhaint amach • Duine a mbíonn aird aige/aici i gcónaí ar bheith ag déileáil le custaiméirí ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil agus measúil agus atá ceannasach agus gairmiúil agus é/í i mbun saincheisteanna dúshlánacha • Duine a chuireann é/í féin in iúl ar go soiléir sa chaint agus sa scríobh
Eolas Speisialtóireachta, Saineolas agus Féinfhorbairt
• Duine a léiríonn ardleibhéil scile/saineolais ina réimse féin agus a thugann treoir dá c(h)omhghleacaithe • Duine a thuigeann an ról, na cuspóirí agus na spriocanna go soiléir, agus conas a thacaíonn sé/sí leis an tseirbhís atá á seachadadh ag an aonad agus ag an Eagraíocht agus gur féidir leis/léi é seo a chur in iúl don fhoireann • Duine a thugann ceannaireacht le dea-shampla, a léiríonn tábhacht na forbartha trí am a chur i leataobh le haghaidh tionscnamh fhorbartha dó/di féin agus don fhoireann
Treallús agus Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí
• Duine atá tiomanta don ról, a bhíonn ag iarraidh feidhmiú ar ardleibhéal i gcónaí • Duine a léiríonn solúbthacht agus oscailteacht don athrú • Duine a bhfuil teacht aniar ann/inti agus a fhéachann le cuspóirí a bhaint amach ainneoin constaicí nó céimeanna siar • Duine a chinntíonn go bhfuil an tseirbhís don chustaiméir i gcroílár a c(h)uid oibre féin/obair na foirne atá macánta agus iontaofa go pearsanta • Duine a ghníomhaíonn go hionraic agus a spreagann an t-ionracas i ndaoine eile

Próiseas an Chomórtais

Conas Iarratas a Dhéanamh

Ba chóir iarratais a dhéanamh tríd an bhfoirm a chomhlánú atá ar fáil. Ní mór gach cuid den fhoirm a chomhlánú go hiomlán. Agus d'iarratas comhlánaithe agat, ní mór duit í a chur ar aghaidh go dtí recruitment@teachingcouncil.ie.

Ní mór na foirmeacha iarratais a chur isteach i bhformáid Microsoft Word amháin.

Spriocdháta

Ní mór d'iarratas a chur isteach ar ríomhphost tráth nach déanaí ná 10am Dé Céadaoin

13 Meán Fómhair 2023

Oifigeach Feidhmiúcháin – An Chomhairle Mhúinteoireachta

Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas laistigh de 5 lá oibre ón iarratas a dhéanamh, téigh i dteagmháil le do thoil ag mailto:recruitment@teachingcouncil.ie.

Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an spriocdháta.

Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar fáil ar an dáta/ na dátaí atá sonraithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus ba chóir dóibh a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála atá sonraithe ar an bhfoirm iarratais i gceart.

Modhanna Roghnaithe

San áireamh sa roghnú beidh an méid seo a leanas:

- Gearrliosta d'iarrthóirí bunaithe ar an eolas atá ina n-iarratas
- Agallamh Bunaithe ar Chumas

Gearrlota

Is gnách go bhfaightear níos mó iarratas ar phost ná mar a theastaíonn chun folúntais reatha agus amach anseo don phost a líonadh. Cé go sásódh iarrthóir na riachtanais cháilitheachta don chomórtas, má tharlaíonn sé go gcuireann an oiread sin daoine isteach ar an bpost nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine, d'fhéadfadh an Chomhairle Múinteoireachta cinneadh a dhéanamh gan ach líon áirithe iarrthóirí a ghlaoch chuig agallamh. I dtaca leis seo, déanann an Chomhairle Múinteoireachta soláthar do phróiseas gearrliostaithe a úsáid chun grúpa a roghnú le haghaidh agallaimh, bunaithe ar scrúdú ar na foirmeacha iarratais, is cosúil gurb iad an duine is oiriúnaí don phost. Déanfaidh bord saineolaithe na foirmeacha iarratais a scrúdú i gcoinne na gcritéar réamhshocraithe bunaithe ar na riachtanais den phost. Ná baintear as an méid sin go gcaithfidh go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach nó nach mbeidís in ann don phost ach gur cosúil, bunaithe ar a n-iarratas, go bhfuil cuid de na hiarrthóirí níos cáilithe ná a chéile nó go bhfuil taithí níos ábhartha acu.

Aguisín 1

Cuid I (Coinníollacha a bhaineann go sonrach leis an bpost seo)

Pá

Is é seo a leanas an scála pá:

Ráta Pá Gan Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (Gan RPP)

€32,267 €34,414 €35,264 €37,095 €38,876 €40,606 €42,324 €44,007 €45,708 €47,362 €49,064 €50,200 €51,807[1] €53,430[2]

Beidh an ráta seo i bhfeidhm más stáitseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí a *earcaíodh roimh an 6ú Aibreán 1995* é/í an t-iarrthóir rathúil agus nach gá dó/di ranníocaíocht phearsanta pinsin éigeantach a íoc. Déanfar an ráta sin a choigeartú de réir na scálaí pá leasaithe arna bhfoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ráta Pá Faoin Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (RPP)

€33,812 €35,714 €36,788 €38,884 €40,763 €42,580 €44,391 €46,164 €47,955 €49,696 €51,492 €52,692 €54,403[1] €56,127[2]

Beidh an ráta seo i bhfeidhm más rud é go bhfuil an duine a cheapfar ina státseirbhíseach nó ina s(h)eirbhíseach poiblí a *earcaíodh ar an 6ú Aibreán 1995* nó ina dhiaidh agus a íocann ranníocaíocht phearsanta pinsin éigeantach. Déanfar an ráta sin a choigeartú de réir na scálaí pá leasaithe arna bhfoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**Is é atá in IFS 1, Incrimint Fadseirbhíse, i ndiaidh 3 bliana ar Uasphointe an scála*

**Is é atá in IFS 2, Incrimint Fadseirbhíse, i ndiaidh 6 bliana ar Uasphointe an scála*

Nóta Tábhachtach: Níor mhiste d'iarrthóirí a nótáil gurb é íosphointe an scála an pointe iontrála agus nach ndéanfar caibidlíocht ina leith agus go bhféadfar an ráta íocaíochta a choigeartú ó am go ham i gcomhréir le beartas pá an Rialtais. Féadfar incrimintí a thabhairt faoi réir an post a bheith á chomhlíonadh go sásúil agus faoi réir athruithe ar na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le hincrimintí tuarastail sa Státseirbhís/ sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne. D'fhéadfadh coinníollacha eile a bheith i bhfeidhm i gcúinsí áirithe más rud é, díreach roimh an gceapachán, go bhfuil an duine a cheapfar ag fónamh mar státseirbhíseach nó mar sheirbhíseach poiblí.

Laghdú Pinsin

Má fostaíodh ceapaí roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus go bhfuil an ceapaí sin i dteideal nó ag fáil pinsin ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó i gcás ina n-íoctar pinsean de chuid na Státseirbhíse/na Seirbhíse Poiblí fad is atá an ceapaí á athfhostú, beidh an pinsean sin faoi réir laghdaithe de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012.

Tabhair faoi deara: Agus tú ag cur isteach ar an bpost seo, tá tú ag admháil go dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag na forálacha laghdaithe, nuair is cuí. Ní shamhlaítear go dtacóidh an Roinn/Oifig/Comhlacht atá ag fostú le hiarratas le tarscaoileadh laghdaithe i leith ceapacháin chuig an bpost seo.

Fógra Tábhachtach

Léiríonn an méid atá thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe gur an liosta cuimsitheach de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta go léir a bheidh ann. Leagfar na téarmaí agus coinníollacha sin amach sa chonradh fostaíochta a bheidh le comhaontú leis an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi.

Aguisín 2

Cuid II (coinníollacha eile atá i bhfeidhm go ginearálta don oifigeach a cheapfar don phost seo)

Promhadh

Caithfidh an t-oifigeach a cheapfar tréimhse phromhaidh a dhéanamh a mhairfidh ar feadh sé mhí de ghnáth. Sa chás go mbeadh seirbhís an oifigigh sásúil maidir le sláinte, iompar, éifeachtúlacht agus feidhmíocht i gcoitinne le linn na tréimhse promhaidh, déanfar an ceapachán a dheimhniú.

Dualgais

Beidh ar an oifigeach a cheapfar aon dualgais a leagtar air/uirthi ó am go ham a chomhlíonadh, de réir mar is cuí don phost.

Fostaíocht Sheachtrach

Post lánaimseartha é agus ní ceadmhach don oifigeach a cheapfar a bheith ag gabháil d'aon chleachtas príobháideach ná a bheith bainteach le haon ghnó seachtrach, a chuirfeadh isteach nó a thiocfadh salach ar chomhlíonadh a c(h)uid dualgas oifigiúil. Caithfear soiléiriú a lorg ón mbainistíocht má bhíonn aon phointe amhrais ann.

Ceanncheathrú

Tá ceanncheathrú an Comhairle Múinteoireachta lonnaithe i Maigh Nuad, Co. Chill Dara agus beidh an phost seo lonnaithe ann.

Tá prótacal oibre cumaiscthe forbartha ag an gComhairle Mhúinteoireachta i gcomhréir leis an gCreat Beartais Oibre Cumaiscthe d'Eagraíocht na Státseirbhíse. Féadfaidh fostaithe iarratas a dhéanamh ar shocrú oibre cumaiscthe de réir riachtanais eagraíochtúla.

Uaireanta Freastail

Beidh na huaireanta freastail seasta, le móriomlán 35 uair sa tseachtain mar íosmhéid nuair a bhaintear na tréimhsí scíthe/sosa as. Ní dhéanfar aon íocaíocht bhreise as freastal breise mar go gclúdaíonn an ráta tuarastail is iníoctha aon dliteanas freastail bhreise eisceachtúil a thiocfadh chun cinn ó am go chéile.

Saoire Bhliantúil

23 lá an liúntas saoire bliantúil agus ardóidh sé seo go dtí 24 lá tar éis seirbhís cúig bliana, 25 lá tar éis seirbhís deich mbliana, 26 lá tar éis seirbhís dhá bhliain déag agus 27 lá tar éis seirbhís ceithre bliana déag. Beidh an liúntas sin faoi réir na ngnáthchoinníollacha a bhaineann le saoire bhliantúil a dheonú agus é bunaithe ar sheachtain cúig lá agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí san áireamh ann.

Saoire Bhreoiteachta

Íocfar pá ar bhonn *pro rata* le linn tréimhse asláithreachta breoiteachta a dheimhnítear go cuí fad is nach ann d'aon fhianaise ar mhíchumas buan ó thaobh seirbhíse de, i gcomhréir le forálacha chiorcláin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i leith saoire bhreoiteachta

Aois Liúntais agus Dul ar Scor

Tairgfear téarmaí pinsin na seirbhíse poiblí don duine a cheapfar mar aon le coinníollacha maidir le haois scoir i gcomhréir leis na socruithe pinsin sa Chomhairle Mhúinteoireachta, ag brath ar stádas an duine rathúil a cheapfar:

- Go ginearálta, maidir le duine aonair nach bhfuil stair inphinsin roimhe sin aige/aici sa tSeirbhís Phoiblí sa 26 seachtaine roimh an gceapachán nó nach bhfuil ar shos gairme faoi láthair nó ar shaoire speisialta le/gan pá ó phost inphinsin sa tSeirbhís Phoiblí, beidh an duine sin ina b(h)all den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (an Scéim Aonair) a thosaigh ón 1 Eanáir 2013 - tagairt dó in Alt 10 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile), 2012;
- Maidir le duine aonair atá ar iasacht, leanfaidh sé/sí de bheith ina b(h)all de scéim pinsean na máthaireagraíochta agus beidh an tuarastal inphinsin bunaithe ar a g(h)rád substainteach .i. an grád ar a bhfuil an duine sin fostaithe ina m(h)áthaireagraíocht;
- Maidir le duine aonair a bhí ina b(h)all de na “scéim pinsean seirbhíse poiblí a bhí ann cheana féin” faoi mar atá forléirithe leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012, agus nach gcáilíonn do bhallraíocht den Scéim Aonair, beidh gnáth-théarmaí pinsean na seirbhíse poiblí ag an duine sin, léiriú ar stádas iontrálaí nua nó stádas iontrálaí nach iontrálaí nua é/í chun críche an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004.

Eolas Eile

Ní bheidh an Chomhairle Mhúinteoireachta freagrach as aon chostais a aisíoc a chuireann iarrthóirí orthu féin.

Ní bheidh sé intuigthe as duine a cheadú ar fheachtas nó cuireadh chuig agallamh a thabhairt dó/di, go bhfuil an Chomhairle Mhúinteoireachta sásta go gcomhlíonann an duine sin riachtanais an chomórtais nó nach bhfuil sé/sí dícháilithe de réir dlí ó bheith i seilbh an phoist ná ní dhearbhaíonn sé go ndéanfar d’iarratas a bhreithniú tuilleadh. Is fiú a nótáil, ar an ábhar sin, gur ort féin atá sé a chinntiú go sásaíonn tú riachtanais cháilitheachta an chomórtais sula dtagann tú chuig agallamh. Mura sásaíonn tú na riachtanais iontrála bhunriachtanacha ach go dtagann tú chuig agallamh mar sin féin, beidh tú ag dul faoi chaiteachas nach gá.

Sula nglacfar le hiarrthóir ar bith le bheith ceaptha sa phost seo, déanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta gach fiosrú a mheastar atá riachtanach chun oiriúnacht an iarrthóra a dheimhniú. Ní féidir cinneadh deiridh a dhéanamh go dtí go mbeidh gach céim den phróiseas earcaíochta curtha i gcrích go hiomlán, ná ní féidir a mheas ná tátal a bhaint as go bhfuil cinneadh den sórt sin déanta.

Má tharlaíonn sé go ndiúltaíonn an duine a mholtar don cheapachán, nó má tharlaíonn sé, tar éis dó/di glacadh leis, go scarann sé/sí leis an tairiscint, féadfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus moladh a dhéanamh go gceapfaí é/í, bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnaithe seo.

Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003, caithfear leis na hiarratais faoi rún go huile is go hiomlán.

Imréiteach Slándála

Is féidir go lorgófar grinnfhiosrú i leith daoine aonair atá á mbreithniú lena gceapadh. Beidh ar an iarratasóir foirm Ghrinnfhiosrúcháin de chuid an Gharda Síochána a chomhlánú agus a chur ar ais, má breithniú á dhéanamh air/uirthi le haghaidh ceapacháin. Seolfar an t-iarratas grinnfhiosrúcháin chuig an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin chun seiceálacha slándála a dhéanamh ar na seoltaí ar fad ag a raibh siad ina gcónaí. I gcás duine nach n-éiríonn leis/léi, déanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta an fhaisnéis sin a scriosadh.

Má dhéantar an t-iarratasóir a bhreithniú ar ball le haghaidh poist eile, beidh air/uirthi an fhaisnéis sin a chur ar fáil an athuair.

Má mheastar go bhfuil iarrthóireacht tarraingthe siar

Iarrthóirí nach dtagann chuig an agallamh nuair a iarrann an Chomhairle Mhúinteoireachta é agus áit a mbíonn sé de dhíth ar an gComhairle Mhúinteoireachta, nó nach dtugann don Chomhairle, nuair a iarrtar í, cibé fianaise a éilíonn an Chomhairle maidir le gné ábhartha ar bith dá n-iarrthóireacht, ní bheidh aon éileamh acu ar a mbreithniú feasta

Aiseolas faoin bpróiseas

Cuirfear aiseolas ar fáil ach é a iarraidh i scríbhinn tar éis na céime agallaimh. Ní chuirtear aiseolas ar fáil ag an gcéim ghearrliostaithe. Ba cheart iarratas den sórt sin a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre tar éis chinneadh na Comhairle a bheith curtha in iúl duit.

Próiseas Athbhreithnithe

Dá mbeadh iarrthóir míshásta le gníomh nó le cinneadh maidir lena (h)iarratas ar cheapachán, féadfaidh sé/sí scríobh chuig recruitment@teachingcouncil.ie, agus an bonn a leagan amach faoina bhfuil athbhreithniú á lorg aige/aici. Caithfear an t-iarratas a dhéanamh taobh istigh de 5 lá oibre i ndiaidh fógra a bheith faighte faoin gcinneadh maidir lena (h)iarratas. Déanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta an t-athbhreithniú sin go hinmheánach.

Oibleagáidí na nIarrthóirí

Níor mhiste d'iarrthóirí a nótáil go ndícháileofar iad as stocaireacht/canbhasáil, agus gurb é an toradh air sin go bhfágfar as an bpróiseas iad.

Níor chóir d'iarrthóirí:

- eolas bréagach a chur ar fáil go feasach ná gan smaoineamh
- duine ar bith a chanbhasáil le mealladh nó gan mhealladh
- aon chur isteach a dhéanamh ar an bpróiseas nó cur as dó ar bhealach ar bith

Ní ceadmhach do thríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag céim ar bith den phróiseas. Aon duine a sháraíonn na forálacha thuas nó a chuidíonn le duine eile na forálacha thuas a shárú, beidh sé/sí ciontach i gcion. Duine a fhaightear ciontach i gcion, féadfar fíneáil/ nó príosúnacht a ghearradh air/uirthi.

Chomh maith leis sin, más rud é go bhfuil/go raibh an duine a fhaightear ciontach i gcion ina (h)iarrthóir i bpróiseas earcaíochta, ansin:

- más rud é nár ceapadh an t-iarrthóir i bpost, déanfar é/í a dhícháiliú mar iarrthóir; agus
- más rud é gur ceapadh an t-iarrthóir i ndiaidh an phróisis earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh sé/sí an ceapachán sin.

An tAcht um Chosaint Sonraí 2018

Nuair a fhaightear d'iarratas, cruthaímid taifead i d'ainm, ina mbeidh cuid mhór den eolas pearsanta a chuir tú ar fáil. Eolas den sórt sin a choinnítear, tá sé faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí atá leagtha amach san Acht um Chosaint Sonraí agus sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Chun iarratas a dhéanamh faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 nó faoi RGCS 2018, seol d'iarratas i scríbhinn le do thoil chuig dpo@teachingcouncil.ie

Cinntigh le do thoil go dtugann tú cuntas chomh mion agus is féidir ar na taifid atá á lorg agat ionas go mbeimid in ann an taifead ábhartha a aithint. Asbhaintear míreanna áirithe eolais, nach bhfuil sonrach d'aon duine aonair ar leith, as na taifid chun críche staitistiúla.